CATHAIR NA GAILLIMHE
PLEAN FORBARTHA
GALWAY CITY
DEVELOPMENT PLAN
2023-2029

# Páipéar Saincheisteanna

## Achoimre Feidhmiúcháin

# Issues Paper

## Executive Summary




Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

**Eanáir/January 2021**

Tá tús curtha ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe le próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Cathrach 2017-2023 reatha, agus Plean nua a ullmhú don tréimhse 2023-2029.

Tugtar deis sa phróiseas dhá bhliain seo chun scrúdú a dhéanamh ar fhís agus beartas an phlean forbartha reatha agus chun plean nua a chur chun cinn a threoróidh fás amach anseo na Cathrach chuig 2029 agus san fhadtéarma, ar bhealach a bheidh inbhuanaithe agus cuimsitheach do gach duine.

Is cuspóir an Pháipéir Saincheisteanna roinnt faisnéis chúlra a thabhairt maidir le próiseas an phlean forbartha agus na rudaí ba cheart a áireamh i bplean forbartha. Leagtar faisnéis amach ann faoin gcaoi gur féidir leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara bheith páirteach sa phróiseas i rith na gcéimeanna um chomhairliúchán poiblí.

Is "feidhm forchoimeádta" é glacadh le Plean Forbartha na Cathrach, a chiallaíonn gurb é ról agus freagracht na mBall Tofa an Plean a dhéanamh. Éilítear orthu é sin a dhéanamh tar éis dóibh breith a dhéanamh ar an dréachtphlean, ar na saincheisteanna ar fad a ardaítear sa chomhairliúchán poiblí, agus aird chuí acu ar bheartas agus ar threoirlínte rialtais agus ar phleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe na cathrach.

Ullmhófar an Plean i gcomhthéacs na gcreat nua pleanála náisiúnta agus réigiúnacha, eadhon, an Creat Pleanála Náisiúnta (NPF) agus an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES). Ainmnítear Gaillimh agus an ceantar uirbeach sna doiciméid seo mar Chathair Réigiúnach a bhfuil sé de chumas aici fás suntasach daonra agus eacnamaíoch a dhéanamh trí infheistíocht dhírithe.

Tá roinnt saincheisteanna straitéiseacha a rachfar i ngleic le sa phlean forbartha agus ata tábhachtach maidir le treo na forbartha i gCathair na Gaillimhe sa todhchaí. Leagtar amach iad i gcodanna 1-9 den Pháipéar Saincheisteanna agus baineann siad le tithíocht, leis an ngeilleagar, le hiompar agus gluaiseacht, leis an timpeallacht thógtha, leis an timpeallacht nádúrtha, leis an athrú aeráide, leis an bpobal agus cultúr, le fuinneamh, le bonneagar agus leis an gcomhshaol. Tugtar roinnt faisnéis chúlra sa Pháipéar Saincheisteanna ar gach saincheist agus leagtar amach roinnt ceisteanna ann le breith a dhéanamh orthu.

Leagtar amach roinnt dúshlán don chathair a bhreithneofar sa phlean forbartha sa Pháipéar Saincheisteanna. Áirítear leo sin:

- An chathair a chumasú le bheith athléimneach do thionchar an athraithe aeráide agus ár lorg charbóin a laghdú le cabhrú chun an sprioc náisiúnta de thír saor ó astaíochtaí a bhaint amach faoi 2050.
- An chathair a chumasú lena ról a chomhlíonadh mar Chathair Réigiúnach trí dheiseanna geilleagracha cothromaithe agus inbhuanaithe a sholáthar.
- An chathair a chumasú le freastal ar spriocanna fáis NPF a thacaíonn le maireachtáil inbhuanaithe cathrach agus ardcháilíocht bheatha a bhaint amach do gach duine.
- Deiseanna tithíochta leordhóthanacha a sholáthar i ngach tionacht i gcomharsanachtaí inbhuanaithe chun rogha agus inacmhainneacht tithíochta a sholáthar.
- Cultúr agus oidhreacht uathúil na cathrach a chosaint agus a bhreisiú.
- Bonneagar sóisialta agus fisiciúil a sholáthar le tacú le Cathair chothrom ina mbíonn deis ag gach duine a gcumas a bhaint amach.
- Timpeallacht nádúrtha na cathracha a chosaint, an líonra glas a láidriú agus bithéagsúlacht a bhreisiú.
- Freagairt do thionchar Covid-19 ar ár bpobail agus ar ár slite beatha.

Fáiltíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe roimh thuairimí gach duine aonair, grúpa agus páirt leasmhar maidir le nithe a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach chun cuspóirí ag beartais a cheapadh a chabhróidh chun cruth a chur ar straitéis an chéad phlean forbartha eile. Is é is aidhm leis an gcomhairliúchán poiblí seo roimh an Dréachtphlean réimse leathan rannpháirtíochta a bhaint amach a léiríonn pobal na cathrach ionas gur féidir breith a dhéanamh ar bhuarthaí mar aon le mianta na ndaoine sin a bhfuil suim acu i bhforbairt inbhuanaithe agus forbairt na cathrach sa todhchaí.

Reáchtálfar an chéim chomhairliúcháin phoiblí seo roimh an dréachtphlean idir Déardaoin an 7 Eanáir 2021 agus Dé hAoine an 5 Márta 2021 (an dá lá sin san áireamh). Mar gur céim í seo ina ndéanfar sainmhíniú ar fhís agus ar straitéis, ní féidir breith a dhéanamh ar iarratais ná moltaí i gcomhair criosaithe talún ar leith chun aon chríche ag an tráth seo, tacaíonn reachtaíocht phleanála go sonrach leis an srian seo. Beidh deis ann aighneachtaí a dhéanamh níos deireanaí sa phróiseas, lena n-áirítear aighneachtaí maidir le criosú.

Leagtar amach sonraí maidir le haighneacht/breithniú a dhéanamh sa Pháipéar Saincheisteanna. Is féidir iad a dhéanamh tríd an tairseach aighneachta ar líne ag áil chuig **www.galwaycity.ie/development-plan-2023-2029**; Trí ríomhphost chuig devplan@galwaycity.ie. nó trí d'aighneacht/bhreithniú a phostáil chuig **An Pleanálaí Sinsearach, An Rannóg Pleanála, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh, H91 X4K8.**

Dá mba mhaith le duine ar bith tuilleadh rannpháirtíochta a bheith acu sa chomhairliúchán poiblí seo, is féidir teagmháil a dhéanamh le Foireann an Phlean Forbartha trí ríomhphost devplan@galwaycity.ie nó ar an nGuthán- 091 536599. Beidh sonraí maidir le tuilleadh rannpháirtíochta a tharlóidh i rith an phróisis chomhairliúcháin ar fáil ar shuíomh gréasáin agus ar mheáin shóisialta na comhairle cathrach.

Is é **Dé hAoine an 5 Márta 2021** an dáta deiridh chun aighneachtaí / breithnithe a chur isteach.

Galway City Council has commenced the process of reviewing the current City Development Plan 2017-2023 and preparing a new Plan for the period of 2023 – 2029.

This two year process offers an opportunity to examine the current development plan vision and policy and to progress a new plan which will guide the future growth of the City to 2029 and into the longer term, in a way which aims to be sustainable and inclusive for all.

The purpose of the Issues Paper is to give some background information on the development plan process and what a development plan should include. It sets out information on how the public and stakeholders can engage in the process during the public consultation phases.

The adoption of the City Development Plan is a "reserved function" which means that it is the role and responsibility of the Elected Members to make the Plan. They are required to do this having considered the draft plan, all of the issues raised in the public consultation, having regard to government policy and guidelines and the proper planning and sustainable development of the city.

The Plan will be prepared in the context of new national and regional planning frameworks namely, the National Planning Framework (NPF) and the Regional Spatial and Economic Strategy (RSES). These documents designate Galway and the metropolitan area as a Regional City which has the potential for significant population and economic growth through focused investment.

There are a number of strategic issues which the development plan will address and which are important to the future direction of development in Galway City. They are set out in sections 1-9 of the Issues Paper and relate to housing, the economy, transport and movement, the built environment, the natural environment, climate change, community & culture, energy, infrastructure and the environment. The Issues Paper gives some background information on each issue and sets out some questions for consideration.

The Issues Paper sets out a number of challenges for the city that development plan policy will consider. These include to:

- Enable the city to become resilient to the impact of climate change and reduce our carbon footprint to help achieve the national target of zero emissions by 2050.
- Enable the city to fulfil its role as a Regional City through the provision of balanced and sustainable economic opportunities.
- Enable the city to accommodate NPF growth targets supporting sustainable city living and achieving a high quality of life for everyone.
- Provide sufficient housing options across all tenures in sustainable neighbourhoods provide housing choice and affordability.
- Protect and enhance the unique culture and heritage of the city.
- Provide social and physical infrastructure to support an equitable City where everyone has the opportunity to reach their potential.
- Protect the natural environment in the city, strengthen the green network and enhance biodiversity.
- Respond to the impact of Covid-19 on our communities and our livelihoods.

Galway City Council welcomes the views of all individuals, groups and stakeholders on what might be important in the formulation of objectives and policies that can help define the strategy of the next

development plan. The aim of this Pre Draft Plan public consultation will be to achieve a broad range of engagement reflective of the city community so that the concerns as well as the aspirations of all those who have an interest in the future sustainable growth and development of the city can be taken into consideration.

This pre-draft plan public consultation stage will take place between Thursday 7th January 2021 and Friday 5th March 2021 (inclusive). As this is a stage that will be defining vision and strategy, requests or proposals for zoning of particular land for any purpose cannot be considered at this time, this restriction is specifically supported by planning legislation. There will be an opportunity to make submissions later in the process, including submissions in relation to zoning.

Details of how to make a submission/observation are set out in the Issues Paper. They can be made by using the online submission portal at **www.galwaycity.ie/development-plan-2023-2029** ; By email to devplan@galwaycity.ie. or by posting your submission/observation to the **Senior Planner, Planning Department, City Hall, College Road, Galway, H91 X4K8.**

If any person would like to further engage in this public consultation, the Development Plan Team can be contacted by email- devplan@galwaycity.ie or by Phone- 091 536599. Details of further engagement occurring during the consultation process will be available on the city council website and social media.

The closing date for receipt of submissions /observations is **Friday 5th March 2021.**